# Achoimre

## Cad é atá i gceist leis an straitéis seo?

- Le hachoimre a dhéanamh ar théacs déanann léitheoirí cur síos ar an méid atá léite acu ina bhfocail féin.
- Léiríonn seo an tuiscint atá acu/nach bhfuil acu ar an téacs.
- Ní gá gach focal a thuiscint le téacs a thuiscint! Léiríonn achoimre an leibhéal tuisceana a bhíonn ag léitheoir ar théacs atá léite.

## Cén fáth a múintear í?

- Is féidir cuid mhór eolais a fháil ar fhoghlaim na ndaltaí trí iarraidh orthu achoimre a dhéanamh ar phíosa téacs atá léite.
- Cuidíonn sé le léitheoirí mórphointí agus gnéithe tábhachtacha a aithint i dtéacsanna, rud atá an-tábhachtach don tuiscint.
- Cuireann sé le húsáid na teanga i gcomhthéacs.
- Cuireann sé leis an léitheoireacht neamhspleách.

## An Straitéis a Mhúineadh

*(Cur chuige céimnithe)*

**1 . Múnlaigh**

- Léigh os ard. Déan athléamh ar an téacs/chaibidil chéanna.
- Smaoinigh os ard mar léitheoir. Mínigh an tábhacht a bhaineann le hachoimre.

**2. Mínigh**

- Ainmnigh an straitéis.
- Mínigh cén uair agus cén fáth a n-úsáidtear í.

**3. Cleachtadh le Tacaíocht**

- Obair ranga nó ghrúpa.
- Tacaigh leo achoimre a dhéanamh le struchtúr

4.**Cleachtadh Neamhspleách**

- Daltaí ag úsáid na straitéise leo féin.

**5. Athmhachnamh**

- Plé: *Conas a chabhraigh an straitéis leat?*

## Gníomhaíochtaí Molta

- Is féidir achoimre a iarraidh ó bhéal nó i scríbhinn.
- Dírigh aird ar fhocail atá tábhachtach agus ar fhocail atá ag cur bac ar thuiscint.
- Bíonn tacaíocht de dhíth le struchtúr na hachoimre.
- Iarr orthu caibidil/sliocht a léamh a dhéanfaidh siad achoimre air.
- Is féidir leo léamh go ciúin nó os ard ar a gcompord. (Nóta: má iarrtar ar dhaltaí léamh os ard beidh siad ag smaoineamh níos mó ar an chur i láthair).

- Tacaigh leis na páistí struchtúr a léiriú san achoimre ó bhéal nó i scríbhinn. Dírigh aird ar thús, lár, deireadh an chuir síos.
- Agus leabhar iomlán léite acu is féidir iarraidh orthu tuairisc leabhair a scríobh.

## Teanga úsáideach don rang

- Déan achoimre ar an chaibidil sin.
- Cad iad na príomhsmaointí a bhí ann?
- Cad é a tharla ag tús, lár, deireadh na caibidle?
- Cad é an t-eolas tábhachtach a bhí ann? (leabhar neamhfhicsin).
- An raibh móreolas agus mioneolas ann? (leabhar neamhfhicsin).

**Cad é atá le déanamh ag na páistí?**

An bhfuil na páistí:

- ag úsáid na straitéise go feasach?
- ag baint úsáid as an teanga/téarmaíocht chuí?
- ag míniú a smaointeoireachta?
- ag úsáid fianaise ón téacs?
- ag léiriú scileanna neamhspleácha?

**Leideanna don Mhúinteoir**

- Ná múin an iomarca straitéisí ag an am céanna.
- Fill ar an straitéis go rialta.
- Ní gá gníomhaíocht scríofa gach uair.
- Úsáid plé ó bhéal go minic.

**Príomhphointe**

Is é an sprioc ná go roghnóidh daltaí an straitéis go neamhspleách agus iad ag léamh.

## Áiseanna sa Rannóg Seo

- Achoimre. Leathanach treorach (daite le lannú).
- Déan Achoimre (daite le lannú).
- Lámh Chuidithe leis an Achoimre (daite le lannú).
- Marcleabhair (dubh & bán le priontáil).
- Stiallacha leabhair (dubh & bán le priontáil).
- Tuairisc Leabhar (dubh & bán le priontáil).
- Cairt ABC. Le húsáid le leabhar neamhfhicsin (dubh & bán le priontáil).
- Cairt ABCD. Le húsáid le leabhar neamhfhicsin (dubh & bán le priontáil).
- Fráma Achoimre (dubh & bán le priontáil).
- Fráma Tús, Lár, Deireadh (dubh & bán le priontáil).

| Marcleabhar | Marcleabhar | Marcleabhar |
|---|---|---|
| Ainm ..............................<br>Dáta ..............................<br><br>Is é an rud is suimiúla ná .... | Ainm ..............................<br>Dáta ..............................<br><br>Rud nach raibh soiléir ná .... | Ainm ..............................<br>Dáta ..............................<br><br>Thaitin sé liom nuair a .... |
| Leathanach: ................... | Leathanach: ................... | Leathanach: ................... |

Ainm.......................... Dáta ..............

## Eagraigh d'Achoimre

**Duine**
*Cé hé/cé hí an príomhcharachtar?*
**Rud**
*Cén rud a bhí an príomhcharachtar a iarraidh?*
**Fadhb**
*Cén fhadhb a bhí ann?*
**Réiteach**
*Cad é mar a réitigh an príomhcharachtar an fhadhb?*
**Sa deireadh**
*Cad é a tharla sa deireadh?*

### Achoimre

_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________

Ainm.......................... Dáta ..............

## Eagraigh d'Achoimre

**Duine**
*Cé hé/cé hí an príomhcharachtar?*
**Rud**
*Cén rud a bhí an príomhcharachtar a iarraidh?*
**Fadhb**
*Cén fhadhb a bhí ann?*
**Réiteach**
*Cad é mar a réitigh an príomhcharachtar an fhadhb?*
**Sa deireadh**
*Cad é a tharla sa deireadh?*


### Achoimre


_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________
_______________________________________________

Ainm ................................ Rang ......... Dáta ..................

# Tuairisc Leabhair

Le ..............................................................




Cur síos ar an leabhar ...

Thaitin sé liom nuair a ...

Níor thaitin sé liom nuair a ...

**Dathaigh do scór ...**

Marcanna as 10 don scéal

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |

Marcanna as 10 don ealaín/clúdach/cuma

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |

Marcanna as 10 don Ghaeilge

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |

Ainm ........................................... Dáta .............................................................. Topaic: ............................................................

# Cairt A-B-C

Leabhar neamhfhicsin. Líon isteach colúin A agus B roimh léamh. Líon isteach colún C agus an leabhar léite agat.

| A<br>Ar eolas agam | B<br>Ba mhaith liom a fhoghlaim | C<br>Cad é a d'fhoghlaim mé? |
|---|---|---|
| | | |

Ainm ........................................... Dáta .............................................................. Topaic: ............................................................

# Cairt A-B-C-D

Leabhar neamhfhicsin. Líon isteach colúin A agus B roimh léamh. Líon isteach colún C agus D agus an leabhar léite agat.

| A<br>Ar eolas agam | B<br>Ba mhaith liom a fhoghlaim | C<br>Cad a d'fhoghlaim mé? | D<br>Eolas eile atá de dhíth |
|---|---|---|---|
| | | | |

Ainm ________________________________ Teideal an leabhair ________________________________

| An bhfuil daoine/carachtair ann? Cé hiad? | Cá bhfuil an chaibidil / scéal seo suite? |
|---|---|
| Déan pictiúr: | Déan pictiúr: |
| Scríobh focail / abairtí: | Scríobh focail / abairtí: |

| Cad é a tharla sa chuid seo / scéal seo? | Cad é mar a chríochnaigh sé? |
|---|---|
| Déan pictiúr: | Déan pictiúr: |
| Scríobh focail / abairtí: | Scríobh focail / abairtí: |

Ainm ........................................ Rang ......... Dáta .............................





Trí Chuid an Scéil

| TÚS | LÁR | DEIREADH |
|---|---|---|
| | | |



# DÉAN ACHOIMRE

Cuir focail, frásaí, pictiúir sna boscaí le hachoimre a dhéanamh


| carachtair | suíomh |
|---|---|
|  |  |
| **fadhb** | **réiteach** |
|  |  |

Ainm: ______________________________

Teideal: ______________________

# Lámh Chuidithe

## leis an Achoimre




Bain úsáid as na ceisteanna le hachoimre a dhéanamh ar an téacs a léigh tú.